Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais

# BILEOG EOLAIS



**Tá an ceart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl.** Is mian leis an Aontas cloisteáil ó leanaí agus a dtuairimí a chur san áireamh nuair a bhíonn cinntí tábhachtacha le déanamh.

In 2021, ghlac an tAontas Eorpach le plean nua faoi chearta leanaí. **Ceann de phríomhspriocanna an phlean is ea a chinntiú go n éistfear le leanaí, ar fud na hEorpa, agus go dtabharfar aird cheart orthu.** Tá an tArdán Rannpháirtíochta Leanaí, a bhunaigh an Coimisiún Eorpach in 2022, ina chuid den phlean sin.

**Is spás sábháilte é an tArdán do leanaí lenar féidir leo a dtuairimí a chur in iúl agus a smaointe agus a mbarúlacha a roinnt maidir le dlíthe agus beartais Eorpacha.**



## TÁ CEITHRE CHUID SAN ARDÁN

### Baill

Leanaí agus na heagraíochtaí a oibríonn ar son chearta an linbh agus ar mian leo a dtuairimí agus a mbarúlacha a chur in iúl do lucht ceaptha beartas an Aontais maidir leis na hábhair ar mór acu iad.

### Bord Comhairleach

Baill ar leanaí iad agus daoine fásta ó eagraíochtaí de chuid an Aontais a chabhraíonn, i gcruinnithe faoi chomhstiúradh leanaí agus an Choimisiúin Eorpaigh, lena chinntiú go mbeidh a ndéanfaimid sábháilte agus gur léir do leanaí an chiall atá leis.

### Painéal na Leanaí

Grúpa de 10 20 ball ar leanaí iad a roinneann smaointe, a dhéanann athbhreithniú ar phleananna, a chomheagraíonn agus a chomhéascaíonn gníomhaíochtaí, agus a chabhraíonn lena chinntiú go ndíreoimid ar nithe atá ag teastáil ó leanaí.

### An Rúnaíocht

Daoine fásta a eagraíonn obair uile an Ardáin leis na páirtithe seo a leanas: ICF S.A., Risk & Policy Analysts Ltd (RPA), Save the Children, SOS Children's Villages, agus na hOllúna Laura Lundy agus Cath Larkins.

**Ar mhaith leat a bheith id bhall de?**

Cuir an cód QR seo ar aghaidh chuig na daoine fásta i d'eagraíocht agus féadfaidh siad an fhoirm iarratais a líonadh isteach.

**#EUChildParticipation**